Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12835/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0422(COD)**

**COPEN 330**
**DROIPEN 128**
**ENV 918**
**JAI 1232**
**CODEC 1357**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12222/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14459/21 + COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## Réamhrá

An 15 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE. Bhí measúnú tionchair agus teachtaireacht ag gabháil leis an togra.[1]

Thíolaic an Coimisiún an togra tar éis dó meastóireacht a dhéanamh in 2019/2020 ar Threoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

[1] 14459/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 2 REV 1 + ADD 3.

Sa mheastóireacht sin[2], chinn an Coimisiún nach raibh mórán éifeachta ag an Treoir ar an talamh: bhí líon na gcásanna coireachta comhshaoil a imscrúdaíodh agus ar gearradh pianbhreith orthu, le 10 mbliana anuas, íseal. Ina theannta sin, bhí leibhéil na smachtbhannaí a forchuireadh ró-íseal le bheith athchomhairleach agus níor tharla comhar trasteorann ar bhealach córasach.

Is é is aidhm don togra éifeachtacht na Treorach a fheabhsú. Tugtar sainmhíniú níos beaichte ar an gcoireacht chomhshaoil, cuirtear catagóirí nua coireachta comhshaoil faoina raon feidhme, agus tugtar isteach forálacha nua éagsúla, lena n-áirítear maidir le leibhéil uasta smachtbhanna íosta do dhaoine nádúrtha agus do dhaoine dlítheanacha, maidir le hoiliúint shonrach chun an slabhra forfheidhmithe dlí a neartú, maidir le leithdháileadh leordhóthanach acmhainní, agus maidir le huirlisí imscrúdúcháin trasteorann. Tá forálacha ann chun tacú le daoine a dhéanann tuairisciú ar choireacht chomhshaoil, le cosantóirí comhshaoil agus le daoine a ndéanann an choireacht chomhshaoil difear dóibh. Féachann sé le feabhas a chur ar shonraí staidrimh a bhailiú maidir le himeachtaí coireachta comhshaoil chun faireachán agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar thorthaí na mbeart a glacadh agus chun céimeanna achrannacha an tslabhra forfheidhmiúcháin a shainaithint.

**Plé ag Meitheal COPEN**

Agus an togra tíolactha, thosaigh an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) á scrúdú láithreach bonn. I mí an Mheithimh 2022, agus í ag obair faoi Uachtaránacht na Fraince, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an téacs, a bhaineann le hAirteagal 2 (seachas na sainmhínithe sin ar 'an pobal lena mbaineann' agus 'íobartach'), le hAirteagail 3 agus 4 agus leis na haithrisí gaolmhara.[3]

Ón 1 Iúil 2022 amach, agus í ag obair faoi Uachtaránacht na Seicia, lean Meitheal COPEN den scrúdú ar an gcuid eile den togra. Chuige sin, tháinig Meitheal COPEN le chéile in imeacht cúig lá: an 13 agus an 14 Iúil, an 7 agus an 8 Meán Fómhair agus an 28 Meán Fómhair 2022. Tá an chéad chruinniú eile beartaithe don 19 Deireadh Fómhair.

[2] SWD (2020) 260 final
[3] 9374/22 (doiciméad poiblí).

Díríodh sa phlé ar na forálacha maidir le smachtbhannaí (Airteagail 5 go 9), agus scrúdaíodh freisin na forálacha eile go léir, lena n-áirítear na forálacha sin maidir le Tréimhsí teorann (Airteagal 11), Dlínse (Airteagal 12), Uirlisí imscrúdúcháin (Airteagal 18), Straitéis náisiúnta (Airteagal 20) agus Bailiú sonraí agus staitisticí (Airteagal 21).

Ar an iomlán, rinne an Mheitheal dul chun cinn suntasach i dtreo téacs reachtach ar féidir le tromlach cáilithe na mBallstát tacú leis.

**Plé sa Choiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS)**

An 21 Meán Fómhair 2022, phléigh CATS saincheisteanna roghnaithe a bhaineann le smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha agus do dhaoine dlítheanacha.[4]

D'fhéadfadh tromlach mór na dtoscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir le leibhéil smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha in Airteagal 5(4) agus (5) a shocrú ag 5 bliana agus 3 bliana, faoi seach. Chuir na toscaireachtaí a dtuairimí in iúl maidir le gnéithe eile a bhaineann le smachtbhannaí, do dhaoine nádúrtha agus do dhaoine dlítheanacha araon.

An 28 Meán Fómhair 2022, leanadh den phlé sa Mheitheal COPEN, agus torthaí chruinniú CATS á gcur san áireamh. Chuir an Uachtaránacht clabhsúr ar an bplé maidir le roinnt airteagal inar thángthas ar chomhaontú. Ní mór tuilleadh plé a dhéanamh ar na forálacha maidir le smachtbhannaí, go háirithe.

**Aidhm na hUachtaránachta**

Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) i mí na Nollag 2022. Beidh an cur chuige ginearálta ina shainordú do chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le Parlaimint na hEorpa, chun teacht ar chomhaontú, i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

---

[4] 12221/22.